

# ☘ An Lúibín ☘

25 Nollaig 2022

## **Tuairisc ar an Ghaeilge sa Chóras Oideachais i bPoblacht na hÉireann<sup>1</sup>**

*In 2017 a report was published on the state of the Irish language in the Irish education system. Attention was paid to the failure to produce fluent speakers and to the linguistic inadequacies of teachers. Little has changed.*

In 2017 a foilsíodh an tuairisc seo agus cuntas inti ar na fadhbanna a bhain le múineadh na Gaeilge sa chóras oideachais in Éirinn, fadhbanna atá fós ann cúig bliana níos déanaí. (Cuimhnimis arís go bhfágann staid na Gaeilge in Éirinn lorg ar staid na Gaeilge mar theanga dhomhanda.) Is fiú dúinn, mar sin, ár n-intinn a leagan arís ar ábhar na tuairisce.

Tá an-tábhacht le stádas, riocht, agus seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann; i saol gach páiste taobh amuigh den Ghaeltacht, is sa chóras oideachais den chuid is mó a bhuaileann na páistí leis an Ghaeilge den chéad uair sa tsochaí. Ach tar éis na bunscolaíochta, na hiar-bhunscolaíochta, agus na gcúrsaí tríú leibhéal, an bhfuil toradh ar an obair sin? An gcluintear cainteoirí múiníneacha líofa Gaeilge in oifigí stáit, sa ghnáthshaol nó i measc múinteoirí?

Deir an tuairisc go bhfuil cinntí áirithe i dtaca leis an Ghaeilge sa chóras oideachais ag teacht salach ar a chéile. Tá beartas dóchasach ann ach tá íslíú tagtha ar an gcaighdeán Gaeilge a theastaíonn ó iarrthóirí ar chúrsaí tríú leibhéal do mhúinteoirí bunscóile (cúrsaí fochéime agus iarchéime araon). Beidh na daltaí thíos leis seo agus déanfar maolú ar an teanga féin. Ní furasta an bhris a thabhairt isteach.

Aithnítear go bhfuil ardstádas ag an Ghaeilge mar phríomhtheanga oifigiúil an stáit, ach 'tá easnaimh mhóra, shuntasacha ann i dtéarmaí praiticiúla'. Tig le daoine méid áirithe gnó a dhéanamh leis an stát i nGaeilge, ach níl go leor státseirbhíseach ann a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu.

Aithníonn an Roinn Oideachais go bhfuil fadhbanna ag scoileanna maidir le hearcaíocht, agus luann an tuairisc óráid a thug an Dr Harold Hislop, Príomhchigire. Dúirt seisean go n-éiríonn le scoileanna múinteoirí cáilithe le caighdeán maith Gaeilge a fháil ó am go ham, ach is minic deacrachtaí ag baint le hearcú múinteoirí san earnáil gaeilscolaíochta. Ní furasta ar chor ar bith 'múinteoirí a fháil i gcuid de na hábhair thar ábhair eile'. Luaigh an Dr Hislop na scéalta a chuala sé faoina laghad sin múinteoirí ag cur isteach ar phostanna, agus faoi phríomhoidí agus boird bhainistíochta ag cur fógraí sna nuachtáin faoi dhó agus faoi thrí agus fiú amháin ansin is minic nach mbíonn toradh air.

Dúirt an Dr Hislop nach féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh múinteoirí nua, fiú iad siúd a bhfuil labhairt na Gaeilge go maith acu, ar an eolas faoi ghramadach na teanga. Ní mór, mar sin, cuidiú leo an t-eolas sin a fháil chun go dtuigfidís comhthéacs litearthacht na Gaeilge, conas obair bhaile a cheartú, conas foclóirí a úsáid, brí a bhaint as leabhair ghramadaí, rialacha gramadaí a iniúchadh agus áiseanna ar líne a úsáid.

Treisiúnn an tuairisc cuntas an Dr Hislop mar a leanas:

Tá sé tugtha le fios ag iar-bhunscóileanna go háirithe (agus ag bunscóileanna) gur deacair dóibh teacht ar mhúinteoirí a bhfuil cumas sách ard acu sa Ghaeilge le bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Tá príomhoidí iar-bhunscóileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag trácht ar an fhadhb seo, easpa múinteoirí a bhfuil cumas ard go leor acu sa Ghaeilge, arís is arís eile le fada an lá. Fadhb eile atá ann, agus atá tugtha faoi deara ag cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna, ná nach ionann inniúlacht an mhúinteora sa Ghaeilge féin agus teagasc agus foghlaim éifeachtach. Faoi láthair, is ar bhonn roghnach a chuireann na coláistí oideachais agus ollscoileanna oiliúint ar fáil in oideachas trí mheán na Gaeilge dá scoláirí: tá modúil ar leith ann a bhaineann leis an oideolaíocht agus bíonn socrúcháin ann i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge.

<sup>1</sup> [https://www.gael-linn.ie/uploads/documents/Tuairisc\\_ar\\_an\\_Ghaeilge\\_sa\\_Ch%C3%B3ras\\_Oideachais\\_i\\_bPnah%C3%89\\_Samhain\\_2017.pdf](https://www.gael-linn.ie/uploads/documents/Tuairisc_ar_an_Ghaeilge_sa_Ch%C3%B3ras_Oideachais_i_bPnah%C3%89_Samhain_2017.pdf)

Dá mbeadh an scéal mar ba chóir dó a bheith, bheadh Gaeilge ar a dtoil ag na múinteoirí go léir agus eolas cruinn acu ar an ngramadach. Bheidís in ann an teanga a mhúineadh ar bhealach éifeachtach tarraingteach agus spreagfaí na daltaí chun Gaeilge a labhairt sa rang. Ní mar sin atá, agus ní dócha go mbeidh feasta, rud a chuireann amhras in éifeacht agus i bhfónamh na Gaeilge mar ábhar éigeantach. D'fhéadfaí ar a laghad díriú ar na bunscoileanna ach gan a bheith ag éileamh go mbeadh líofacht ag gach múinteoir. Ina áit sin, ba cheart múinteoirí a thabhairt isteach a bhfuil múineadh na Gaeilge mar speisialtacht acu. Agus ba cheart cúrsaí teanga ar leith a bheith ann do mhúinteoirí ar mian leo dul ag obair i ngaelscoileanna.



### **Dóiteán**

*Fire is a constant in the medieval history of Ireland – an instrument of war or chance.*

Is fiú aird a thabhairt ar rud i stair na hÉireann sna meánaoiseanna nach luaitear go minic: an dóiteán. An dóiteán mar dhíoltas, mar thimpiste, mar bheart cogaidh. A mhalairt de rud is ea an teallach: tine a thugann sólás, tine a ligeann duit do ghoradh a dhéanamh. An tine mar rud ilfhóna, bás agus beatha, slánú agus scrios, comhartha beo lasánta ar na glúine a d'ímigh uainn.

Chuireamar de dhua orainn féin súil a chaitheamh ar an 15ú haois in *Annála Ríochta Éireann* agus tóir againn ar na lasracha. Fuaireamar iad, gan amhras, cé nach léir i gcónaí céard ba chúis lenar tharla.

Deirtear gur loisc bean amháin Luimneach in 1413: *Luimneach uile idir chloich agus chrann do loscadh le haon mhnaoi* (M1413.9). B'fhéidir gur thimpiste ba chúis leis an méid sin, mar bhíodh contúirt ag roinnt le coinnle. Dódh Mainistir Shligigh in 1414: *Mainistir Shligigh do loscadh le coinnil in Earrach na bliana so* (M1414.2). In 1466 dódh Mainistir Oileán na Tríonóide ar an dóigh chéanna: *Mainistir Oileán na Tríonóide .i. ar Loch Cé, le híomhá na Tríonóide, do loscadh le coinnil* (M1466.21).

Minic go leor, ar ndóigh, baineadh fónamh as an tine mar arm cogaidh, mar a tharla in 1434 nuair a d'ionsaigh roinnt taoiseach Baile an Tobair (i gContae Mhaigh Eo, is cosúil). Bhí sé ina bhualadh idir iad agus muintir an bhaile agus chaith fear amháin slis (*caisne*) a bhí ar lasadh isteach i mbábhún an bhaile. Ba ghearr go raibh an áit go léir faoi bharr lasrach.

*Ó Ceallaigh agus Mac Diarmada agus Tadhg mac Uí Chonchubhair Rua do dhul ar ionsaí go Baile an Tobair. Deabhaidh do bheith eatarthu agus lucht an bhaile, sochaí do lot amuigh agus istigh agus fear den mhuintir amuigh do bhain chaisne de bhun bonsaí do bhí ina láimh agus tine do chur sa chaisne i mbun na bonsaí céanna, agus an bhonsach do theilgean isteach sa bhábhún, agus a bhaint i dtaobh tí do bhí ann, an teach sin do loscadh, agus an teach eile ba choibhneasáí dó agus formhór an bhaile, agus bábhún do loscadh, agus iliomad de gach maith do bhí sa bhaile do mhilleadh agus do loscadh don chur sin. M1434.13*

Ní hannamh a dhéanfadh tiarna éigin tailte na gcomharsan a chreachadh, mar a rinne Uilleag a Búrc in 1485, *do loisc agus do mhill arbhanna agus bailte*.

Uaireanta ba rud an-phearsanta an tine, rud a loiscfeadh do chraiceann féin, mar a thit amach in 1416, nuair a mharaigh foglaithé duine de mhaithe na tíre i gContae Shligigh: *Muiríos Ó Coineoil, comharba Droma Cliabh, do loscadh ina thigh [teach] féin le foghlaibh* (M1416.3). Blianta fada ina dhiaidh sin, maraíodh Hoibeard mac Maol Ruanaidh Mhic Raghnaill agus sé fhear déag maraon leis, *agus do loscadh i dteampall Cille Tréanáin ar bhruach na Sionainne le sliocht Chathail Óig Mhic Raghnaill agus le Muintir Chearbhalláin* (M1492.26). Gníomh gan chráifeacht gan trócaire, a déarfá, ach níor ghníomh neamhchoitianta é in aois na láimhe láidre.

Ní trí mhioscais a tharla a leithéid i gcónaí. D'fhéadfadh an tintreach féin tú a mharú, mar a thit amach in 1492: *Colla mac Donnchaidh Mhic Dhomhnaill do mharbhadh ina theach féin de chaoir thine agus an teach do loscadh, agus triúr nó ceathrar do leathmarbhadh ann den chaoir chéanna* (M1492.26).

Agus seo eachtra a thit amach in 1500 – scéal an dá dhíoltas. An Barrach Mór atá i gceist, agus ba é a dheartháir féin, Dáibhí Barra, Ard-Déagánach Chluana agus Chorcaí, a mharaigh é. Rinne Tomás a Barra agus Muintir Cheallacháin Dáibhí féin a mharú ina dhiaidh sin. Ach níorbh é sin deireadh an scéil. Rinne Iarla Dheasumhan corp Dháibhí a thógáil i gceann fiche lá agus é a loscadh. (M1500.19, M1500.20.) An tine mar chlabhsúr.



### **Gaeilge dhigiteach**

*Yet another plan for Irish – one designed to bring it further into the digital world.*

Tá stair chomhaimseartha na Gaeilge in Éirinn lán go boimbéal le pleananna. An plean digiteach an ceann is déanaí agus é de chuspóir aige cur ar chumas gnólachtaí agus comhlachtaí poiblí seirbhísí Gaeilge a sholáthar don phobal. Déanfar taighde agus forbairt ar son na teanga i gcúinsí teicneolaíochta. Níl an plean gan i moltaí – céad ceann acu agus iad dírithe ar dheiseanna oideachais, fiontraíochta agus fostaíochta. D’ullmaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide an plean i gcomhar le Roinn na Gaeltachta.

Tréimhse cúig bliana ó 2023 amach atá i gceist agus athbhreithniú foirmiúil le déanamh ina dhiaidh sin. Tá an rialtas chun €1 milliún a chur isteach in 2023 le haghaidh taighde ach admhaítear go mbeidh neart airgid eile ag teastáil chun an phlean a chur i gcrích – airgead a bheidh le fáil (le cúnaimh Dé) ó ghnólachtaí teicneolaíochta.

Moltar go gcuirfí cúrsaí tríú leibhéal ar bun chun Gaeilgeoirí atá oilte ar theicneolaíocht a scaoileadh amach chugainn. Táthar ag súil go rachaidh seo chun sochair d’aos óg na Gaeltachta, ach ní dócha i ndáiríre go gcuirfidh sé srian le bánú na gceantar sin.

Tá béim ar leith ar an tsintéis chainte, rud a chuireann ar do chumas téacs digiteach a chur á léamh os ard i do rogha canúna. Tá taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide ag obair ar theicneolaíocht a ligfeadh duit abairtí a rá i nGaeilge agus iad a aistriú go téacs.



### **Teanga litríochta**

*The Irish Arts Council means to greatly enhance the visibility of contemporary literature in Irish.*

Tá Comhairle Ealaíon na hÉireann tar éis beartas litríochta Gaeilge a fhoilsiú chun an litríocht chéanna a chur ar taispeáint don saol mór. Cuideofar le scríbhneoirí cónaithe Gaeilge, le MA sa scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge a chur ar fáil agus le tacaíocht a thabhairt do dhaoine arb áil leo dul ag obair mar eagarthóirí agus mar fhoilsitheoirí liteartha Gaeilge. Cuirfear an beartas i bhfeidhm idir seo agus 2025.

Luann an Chomhairle fadhbanna a cíoradh go minic cheana – gan suim a bheith ag na meáin i leabhair Ghaeilge, gan teacht éasca a bheith ar na leabhair sin i siopaí agus i leabharlanna, gan aird a bheith ar an nGaeilge ag féilte litríochta. Cuirfear feachtas ar siúl chun aird an phobail agus na bhféilte a tharraingt ar litríocht i nGaeilge. Is beag criticeoir a thugann aird ar litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, dá fheabhas í, agus tá an Chomhairle chun cabhrú le léirmheasanna agus ailt a choimisiú ó 2024 amach.

Ina theannta sin, tá fonn ar an gComhairle clár maoinithe a chur ar bun a chabhródh le cláir theilifíse agus raidió agus le podchraoltaí a chuireann síos ar scríbhneoireacht Ghaeilge. Moltar freisin go ndéanfaí anailís ar dhearcadh léitheoirí.

Cibé éacht a dhéanfar, ní bheidh léitheoirí Gaeilge líonmhar. Is cuma ach iad a bheith ann agus dúil acu ina bhfuil á scríobh. Agus bíodh súil againn le héagsúlacht nua i litríocht na teanga seo.



**Nollaig faoi mhaise dár léitheoirí agus Bliain Úr faoi rath.**



An tSlóvaic c. 1490  
Wikimedia Commons

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dhá dhán le Colin Ryan**

**Ón deisceart**

Sa teas seo bhí tú i do thaibhse  
sa tsráid bhalbh  
faoi scáthanna ba ghéire

ná sceana  
is bean ag caint léi féin  
ar leanbh  
a dhéanfadh gaisce:  
ar aghaidh leat  
i dtreo na háite  
ina mbeadh do shlánú  
ceilte

### **An cailín úd**

An cailín úd  
ina stráinséir  
lasmuigh den fhuinneog ard  
ar snámh  
sa samhradh  
éan ildathach istigh inti  
scinneadh sciatháin

